**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000010/2020**
**ar an gComhairle**
Riail 136
**Stanislav Polčák**, **Sylwia Spurek**, **Martin Hojsík**, **Alexandra Louise Rosenfield Phillips**, **Jadwiga Wiśniewska**, **Anja Hazekamp**, **Eleonora Evi**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Margadh inmheánach AE agus cearta tomhaltóirí a chosaint ar na himpleachtaí diúltacha atá ag trádáil neamhdhleathach ainmhithe coimhdeachta

Gach bliain déantar líon suntasach ainmhithe coimhdeachta a thrádáil go neamhdhleathach ar fud na mBallstát, agus is minic a dhéantar é sin trí Rialachán (AE) maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí a shárú chun iad a thabhairt thar theorainneacha le haghaidh a ndíolta, rud ba cheart a dhéanamh faoi Threoir 92/65/CEE ón gComhairle.

Tá impleachtaí diúltacha ag gáinneáil ainmhithe coimhdeachta do shláinte an phobail, do leas ainmhithe agus do chosaint tomhaltóirí. Tá sí ina príomhfhoinse ioncaim feasta do dhronga idirnáisiúnta coireachta eagraithe agus déanann sí difear d’oibriú rianúil mhargadh inmheánach AE trí chánacha caillte agus trí iomaíocht mhíchothrom, go háirithe leis an méadú ar ainmhithe coimhdeachta a dhíol ar líne, a rialáiltear go holc ar bhonn náisiúnta agus faoi dhlí AE araon. Go deimhin, measann roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha go bhféadfadh póraitheoir neamhdhleathach a bhfuil madraí folaíochta á ndíol aige thar theorainneacha brabús de bhreis agus EUR 100 000 a bheith á dhéanamh aige in aghaidh na bliana.

Sa chomhthéacs sin, ba dhíol sásaimh dúinn é freagraí a fháil ón gComhairle ar na ceisteanna seo a leanas:

Cad iad na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit eatarthu féin chun a gcórais sainaitheantais agus chlárúcháin do mhadraí agus cait a chomhordú ar bhealach níos fearr, mar a iarradh i rún ón bParlaimint an 25 Feabhra 2016 maidir le córais chomhoiriúnacha a thabhairt isteach le haghaidh peataí a chlárú ar fud na mBallstát (2016/2540 (RSP)), lena n-áirítear faoi choimirce Ardán AE maidir le Leas Ainmhithe?

Cad í an amlíne le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin?

Curtha síos: 24/01/2020

Spriocdháta i gcomhair freagra: 25/04/2020